

**Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000004/2017  
ar an gCoimisiún**

Rule 130b

**Monika Smolková, Olga Sehnalová, Pavel Poc, Eric Andrieu, Hilde Vautmans, Brian Hayes, Lynn Boylan, Petras Auštrevičius, Karoline Graswander-Hainz, Alfred Sant, Petri Sarvamaa, Momchil Nekov, Bogusław Liberadzki, Marian Harkin, Stanislav Polčák, Boris Zala, Pirkko Ruohonen-Lerner, Matt Carthy, Martina Anderson, Liadh Ní Riada, Branislav Škripek, Bronis Ropé, Anna Záborská, Miroslav Mikolášik, Nessa Childers, Biljana Borzan, Jiří Pospíšil, Luke Ming Flanagan, Dubravka Šuica, Maria Arena, Vladimír Maňka, Ulrike Müller, Kateřina Konečná, Bart Staes, Pál Csáky, József Nagy, Annie Schreijer-Pierik, Norica Nicolai, Davor Škrlec, Martin Häusling, Sirpa Pietikäinen, Ivan Štefanec**

Ábhar: Nóta leantach faoi scannal allmhairí feola na Brasaíle

Le cúpla seachtain anuas, tá tuairiscí ag teacht amach faoi chleachtais trádála aindleathacha a bhí in úsáid ag gnólachtaí próiseála feola Brasaíleacha. Dealraíonn sé go raibh na monarchana próiseála feola is mó ag onnmhairiú feoil agus sicín a bhí faoi bhun an chaighdeáin chuig an gcuid eile den domhan le blianta anuas. Deirtear gur próiseáladh an fheoil lofa le ceimiceáin, gur cuireadh toirt ann le cairtchlár agus, i gcásanna áirithe, go raibh fiú rianta salmonella ann. Deirtear go raibh na cleachtais aindleathacha sin go léir ceadaithe ag na gníomhaireachtaí faireacháin gan aird a bheith tugtha orthu mar thoradh ar éilliú.

An 3 Aibreán 2017, dúirt an Coimisinéir Eorpach um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Vytenis Andriukaitis, le Parlaimint na hEorpa go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta bia is airde ar domhan ag an Aontas Eorpach, ach fós féin gur tháinig gníomhaireachtaí faireacháin náisiúnta na mBallstát ar chásanna iomadúla de tháirgí feola lofa nó táirgí feola a bhí faoi bhun an chaighdeáin a shroich an margadh aonair.

Ós rud é nach raibh an Coimisinéir in ann freagraí a thabhairt ar na ceisteanna a chuir Coiste AGRI ar aghaidh, tá amhras ann fós faoi shábháilteacht táirgí bia a allmhairítear isteach sa mhargadh Eorpach.

1. Conas is féidir leis an gCoimisiún ráthaíocht a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa nach dtarlóidh na cleachtais trádála mhímhacánta sin sa bhiashlabhra arís?
2. Ós rud é go ndearnadh an t-imscrúdú ar chuideachtaí Brasaíleacha thar tréimhse dhá bhliain, conas gur tharla sé nár thug na gníomhaireachtaí faireacháin Eorpacha na cleachtais aindleathacha faoi deara?
3. Ós rud é go bhfuil ar tháirgeoirí Eorpacha cloí le caighdeáin sláintíochta a bhíonn ag ardú i gcónaí, cad iad na héilimh a chuirfear ar tháirgeoirí Brasaíleacha sa chaibidlíocht atá fós ar bun maidir le comhaontú saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Mercosur?